



Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2018

Tuairimí ó FRA

Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna siar araon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2017. Déantar athbhreithniú sa Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2018 ó FRA ar na mórghorbairtí san earnáil, agus sainithnítear inti freisin na héachtaí a baineadh amach agus na rudaí ar ábhair imní iad go fóill. San fhoilseachán seo, cuirtear i láthair tuairimí ó FRA faoi na príomhghorbairtí sna réimsí téamacha a chumhdaítear agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an mbealach sin, tugtar forbhreathnú atá achomair agus faisnéiseach ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha a bhfuil ar an Aontas agus na Ballstáit dul i ngleic leo.

Ábhar

FOCAS	1. Dearthcháí a athrú: i dtreo cur chuige atá bunaithe ar chearta a ghlacadh i leith dul in aois	2
	2. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an leas a bhaineann na Ballstáit aisti	4
	3. Comhionannas agus neamh-idirdhealú	6
	4. Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt atá bainteach leo	9
	5. Lánpháirtíú na Romach	11
	6. Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtíú	14
	7. An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí	16
	8. Cearta an Linbh	18
	9. Rochtain ar cheartas lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta	21
	10. Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas	24

1. Dearcthaí a athrú: i dtreo cur chuige atá bunaithe ar chearta a ghlacadh i leith dul in aois

Sa chaibidil seo, scrúdaítear an t-athrú mall ach dosheachanta ó bheith ag smaoineamh faoin tseanaois mar “easnaimh” a chruthaíonn “riachtanais” i dtreo coincheap níos cuimsithí ina bhfuil cur chuige “bunaithe ar chearta” maidir le haois. San aistriú paraidíme seo, atá ag teacht chun cinn de réir a chéile, féachtar le hurraim a thabhairt don cheart bunúsach go gcaithfí le gach uile dhuine ar bhonn comhionann, beag beann ar aois – gan dearmad a dhéanamh ar chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhfuil gá acu leis. Ní thagann cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine salach ar an bhfírinne go bhfuil riachtanais faoi leith ann a bhaineann leis an aois; a mhalairt, cuireann cur chuige atá bunaithe ar chearta ar chumas duine freastal ar riachtanais ar bhealach níos fearr, de réir mar is gá, agus iad á gcur i gcomhthéacs atá bunaithe ar chearta an duine.

Is amhlaidh cheana féin gur bunathraíodh margáí saothair agus córais náisiúnta chosanta sóisialta go mór chun freagairt don fhadsaolaí agus do na dúshláin a gcruthaíonn sochaí atá ag dul in aois do chórais náisiúnta eacnamaíocha agus shóisialta. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin ach tabhairt faoi roinnt tionscnamh san Aontas Eorpach (an tAontas) agus ar fud an domhain. Áirítear leo sin idirdhealú in aghaidh daoine scothaosta a chomhrac i réimse na fostaíochta, dul in aois gníomhach a chur chun cinn agus saol oibre níos faide a dhreasú, mar aon le hathchóirithe a thabhairt isteach i gcórais chosanta sóisialta lena dtugtar aghaidh ar an tseanaois, amhail i bpinsin, i seirbhísí sláinte agus i soláthar cúraim fhadtéarmaigh. Táthar ag tosú freisin ar athchóirithe a aistriú amach ó chineálacha cur chuige atá bunaithe ar riachtanais agus a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic le “heasnaimh” atá bainteach le haois i dtreo an dírithe a chur ar an duine aonair, ar duine é ag a bhfuil cearta bunúsacha agus dínit dhaonna dhúchasach. De réir Airteagal 1 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá dínit an duine dosháraithe agus ní mór í a urramú agus a chosaint, beag beann ar aois.

Níor cheart neamhaird a thabhairt ar riachtanais aois-sonracha daoine scothaosta san aistriú sin, áfach. Níor cheart laghdú a dhéanamh ann ach oiread ar a thábhachtaí atá freagrachtaí an stáit as daoine aonair, lena n-áirítear daoine scothaosta, a bhféadfadh go mbeadh tacaíocht ag teastáil uathu. Ina theannta sin, grúpa ilchineálach a bhfuil riachtanais agus tosaíochtaí an-éagsúil aige atá i ndaoine scothaosta. Is amhlaidh go dtéann a lán

roghanna agus eispéireas sa saol i bhfeidhm ar thorthaí sa tseanaois. Is féidir le hinscne, stádas inimircigh nó mionlaigh eitnigh, míchumas, stádas socheacnamaíoch, gnéithe geografacha agus gnéithe eile drochthionchar comhcheangailte a bheith acu ar dhaoine scothaosta. Is tosca móra iad sin atá taobh thiar den mhéid is féidir leo a gcearta a fheidhmiú.

Is le gach duine, beag beann ar aois, a bhaineann na cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, luaitear aois go sonrach faoi Airteagal 21, ina sonraítear í a bheith ina foras atá cosanta ar an idirdhealú, agus faoi Airteagal 25, ina n-aithnítear an ceart atá ag daoine scothaosta “chun saol faoi dhínt agus neamhspleáchas a bheith acu agus chun páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus cultúrtha”.

Is bunchuid de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a fógraíodh le déanaí atá i neamh-idirdhealú agus comhionannas deise do dhaoine scothaosta i réimsí éagsúla den saol agus atá i maireachtáil daoine scothaosta le dínit. Dar leis an gCoimisiún Eorpach, téann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta “pas beag níos faide ná an *acquis* reatha”. Is é an cuspóir atá ann a mhachnamh conas a d’fhéadfaí an chosaint in aghaidh an idirdhealaithe ar fhoras aoise a leathnú chuig réimse na cosanta sóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte, chuig réimse an oideachais, agus chuig an rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal.

Cé gur tacar prionsabal agus ceart nach bhfuil ina cheangal dlí é Colún na gCeart Sóisialta, léirítear lena fhógairt go bhfuil an-toil pholaitiúil agus an-tiomantas ag institiúidí an Aontais agus na Ballstáit obair ar son Eoraip atá níos sóisialta agus níos cuimsithí a chruthú, ar Eoraip í a bhainfeadh úsáid níos fearr agus níos measúla as a caipiteal daonna ar fad gan duine ar bith a fhágáil ar lár. Is deis é don Aontas agus do na Ballstáit torthaí nithiúla a sholáthar maidir le cearta daoine scothaosta a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, ar daoine iad atá mar chuid thábhachtach den chaipiteal daonna agus a bhfuil acmhainn acu rannchuidiú go mór le gach gné den saol.

Níl i rialacha agus íoschaighdeáin a shocrú ach an chéad chéim sa phróiseas sin, áfach. Chun cearta bunúsacha a sholáthar do gach duine, lena n-áirítear daoine scothaosta, mar a chuirtear ar fáil sa Chairt, ní mór feachtas a mhéadú agus sásraí comhordúcháin agus faireacháin a úsáid. Chun déanamh amhlaidh, teastaíonn rannpháirteachas institiúidí an Aontais agus rannpháirteachas na mBallstát araon go géar.

Chuirtear sin, ba cheart breathnú ar na tuairimí ó FRA a leagtar amach thíos mar bhunchlocha chun tacú leis an aistriú chuig cur chuige cuimsitheach atá bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh i leith dul in aois.

Tuairim 1.1 ó FRA

Ba cheart do reachtóir an Aontais leanúint lena iarrachtaí an Treoir maidir le cóir chomhionann a ghlacadh. Leis an Treoir sin, leathnófar go cothrománach an chosaint a thugtar in aghaidh idirdhealú atá bunaithe ar fhorais éagsúla, lena n-áirítear aois, chuig réimsí lena mbaineann tábhacht ar leith do dhaoine scothaosta, amhail an rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, an chosaint shóisialta, an cúram sláinte agus an tithíocht.

Tuairim 1.2 ó FRA

Chun cosaint níos láidre do chearta sóisialta a sholáthar, ba cheart do reachtóir an Aontais leanúint le gníomhaíocht dhlíthiúil nithiúil a dhéanamh, agus na prionsabail agus na cearta a chumhdaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta á gcur chun feidhme tuilleadh. Chuirtear sin, ba cheart dóibh a áirithiú go nglacfar go mear an Treoir a bheartaítear maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus dlús a chur leis na nósanna imeachta a theastaíonn le haghaidh Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht atá cuimsitheach a ghlacadh. Chun comhleanúnachas a áirithiú le mórchorpas reachtaíochta an Aontais, ba cheart forálacha a bheith ar áireamh san

Ionstraim um Inrochtaineacht lena nasctar í le gníomhartha ábhartha eile amhail rialacháin lena gcumhdaítear Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

Tuairim 1.3 ó FRA

Ba cheart d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus uirlisí airgeadais eile de chuid an Aontais a úsáid chun cur chun cinn a dhéanamh ar chur chuige atá bunaithe ar chearta i leith dul in aois. Chun breisiú a dhéanamh ar athchóirithe lena gcuirtear maireachtáil le dínit agus go neamhspleách agus deiseanna rannpháirtíochta do dhaoine scothaosta chun cinn, ba cheart d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit coinníollachtaí ex ante agus forálacha d'fhaireachán ar a gcur chun feidhme a dhéanamh a athdhearbhú agus a threisiú sa chéad chlárthréimhse eile (tar éis na bliana 2020). Ba cheart a áirithiú leis na bearta sin go n-úsáidfeadh cistiú an Aontais i gcomhréir le hoibleagáidí ceart bunúsach.

Ina theannta sin, ba cheart d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit aghaidh a thabhairt go córasach i bpríomhshásraí comhordúcháin beartais, lena n-áirítear an Seimeastar Eorpach, ar na dúshláin a ndéileálann daoine scothaosta leo.

2. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an leas a bhaineann na Ballstáit aisti

In 2017, bhí Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm mar bhille um chearta an Aontais, agus ceangal dlí ag gabháil leis, den 8ú bliain. Is comhlánú é ar dhoiciméid náisiúnta um chearta an duine agus ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Mar a bhí amhlaidh blianta roimhe seo, bhí idir mhaith agus olc le sonrú ar ról na Cairte agus an úsáid a baineadh aisti ag an leibhéal náisiúnta: ní cosúil go bhfuil feabhas suntasach ar bith tagtha ar an úsáid a bhaineann na breithiúna nó an próiseas reachtaíochta as; agus ba dheacair beartais rialtais a bhí dírithe ar chur chun cinn na Cairte a shainaithint. Ina áit sin, nuair ba bheag tagairt a rinneadh di sna cúirteanna, sna parlaimintí agus sna rialtais náisiúnta agus an méid tagairtí a rinneadh féin fánach go leor, arís eile fágadh nár baineadh leas iomlán as acmhainn na Cairte.

De réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ina ceangal ar na Ballstáit den Aontas nuair atá siad ag gníomhú faoi raon feidhme dhlí an Aontais. Téann reachtas an Aontais i bhfeidhm go díreach agus go hindíreach ar shaol na ndaoine atá ina gcónaí san Aontas ar fud geall le gach ceann de na réimsí beartais. Ina fhianaise sin, ba cheart Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a bheith ina caighdeán ábhartha a dtugtar aird air nuair a bhíonn breithiúna agus státseirbhísigh sna Ballstáit ag comhlíonadh a gcúraimí laethúla. Mar atá amhlaidh le blianta beaga anuas (2012–2016), áfach, tugtar le fios san fhianaise ó FRA gur beag leas a bhaineann breithiúna agus údarais riaracháin as an gCairt ar leibhéal náisiúnta. Tá an chuma air gur beag beartas atá ann a bhfuil mar aidhm leo an Chairt a chur chun cinn, cé go bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit na cearta a chumhaítear leis an gCairt a urramú agus, anuas air sin, “a gcur i bhfeidhm a chur chun cinn i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach” (Airteagal 51 den Chairt). I gcás ina dtagraítear don Chairt sa phróiseas reachtach nó ina dtagraíonn na breithiúna di, is amhlaidh i bhformhór na gcásanna nach n-úsáidtear í ach ar bhealach fánach.

Tuairim 2.1 ó FRA

Ba cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát spreagadh a thabhairt do bhreithiúna, comhlachais bharr agus údarais riaracháin faisnéis a mhalartú tuilleadh laistigh de na Ballstáit agus thar theorainneacha náisiúnta faoi éispéiris i dtagairt don Chairt agus ina húsáid agus faoi chineálacha difriúla cur chuige

a ghlactar ina leith. Agus an malartú faisnéise sin á spreagadh acu, ba cheart do na Ballstáit den Aontas an leas is fearr a bhaint as deiseanna cistiúcháin atá ann cheana, amhail iad sin atá ar fáil faoin gClár Ceartais.

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas feacht a mhúscailt ar chearta na Cairte agus a áirithiú go dtairgfear modúil oiliúna spriocdhírthe do bhreithiúna náisiúnta agus cleachtóirí eile dlí.

De réir Airteagal 51 (raon feidhme) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór an reachtaíocht náisiúnta ar fad lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme a bheith ag teacht leis an gCairt. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, ní raibh ach ról beag ag an gCairt i bpróisis reachtacha ar leibhéal náisiúnta sa bhliain 2017. Níl an Chairt ina caighdeán a chuirtear i bhfeidhm go follasach agus go rialta le linn nósanna imeachta ina n-íniúchar dlíthiúlacht na reachtaíochta atá le teacht nó ina measúnaítear tionchar na reachtaíochta sin, cé go gcuirtear ionstraimí náisiúnta chearta an duine ar áireamh go córasach sna nósanna imeachta sin. Ina theannta sin, tharla sé arís eile sa bhliain gurbh amhlaidh, maidir lena lán breitheanna uathu inar úsáideadh an Chairt, gur úsáid cúirteanna náisiúnta an Chairt gan argóint réasúnaithe a thabhairt faoi cén fáth a raibh feidhm ag an gCairt maidir le cúinsí sonracha an cháis.

Tuairim 2.2 ó FRA

D'fhéadfadh cúirteanna náisiúnta, agus rialtais agus/nó parlaimintí, breithniú a dhéanamh ar "scagadh Airteagal 51 (raon feidhme)" a dhéanamh ar bhealach níos comhsheasmhaí chun a mheasúnú ag céim luath cé acu a thagann nó nach dtagann ceisteanna faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh as cás breithiúnach nó as comhad reachtach. Dá ndéanfaí forbairt ar lámhleabhair chaighdeánaithe maidir leis na céimeanna praiticiúla chun infheidhmeacht na Cairte a dheimhniú, rud nach ndearnadh ach i ndornán Ballstát den Aontas go dtí seo, d'fhéadfadh cleachtóirí dlí bheith in ann iad a úsáid le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na Cairte do chás cúirte nó do thogra reachtach ar leith. Is féidir an Lámhleabhar maidir le hInfheidhmeacht na Cairte ó FRA a úsáid mar ábhar spreagtha chuige sin.

3. Comhionannas agus neamh-idirdhealú

Sa bhliain 2017 bhí an dul chun cinn le comhionannas agus neamh-idirdhealú a chur chun tosaigh san Aontas Eorpach (AE) measctha go leor. Cé nach raibh an Treoir um Chóir Chomhionann – a moladh in 2008 – glactha faoi dheireadh na bliana, d’fhógair an tAontas Eorpach an Colún Eorpach um Chearta Sóisialta, atá fréamhaithe i bprionsabal an neamh-idirdhealaithe. D’fhan srianta ar éadaí agus ar shiombailí reiligiúnacha ag an obair nó i spásanna poiblí i mbéal an phobail, agus tionchar acu go háirithe ar mhná Moslamacha. Rinneadh méid áirithe dul chun cinn maidir le comhionannas do dhaoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha, trasghnéasacha agus idirghnéasacha (LGBTI), go háirithe maidir le stádas sibhialta na lánúineacha comhghnéis. San am céanna, léirítear i dtorthaí a tharraingíonn ar raon leathan sonraí comhionannais – lena n-áirítear sonraí a fhaightear de thoradh tástáil ar idirdhealú – go bhfuil cóir éagothrom agus idirdhealú ag tarlú i ndáiríre fós i sochaithe na hEorpa.

Sna fionnachtana ón dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh maidir le Mionlaigh agus Idirdhealú (EU-MIDIS II) ó FRA agus i dtaighde náisiúnta ilchineálach a foilsíodh sa bhliain 2017, deimhnítear gur codanna de phríomhréimsí an tsaoil ar fud an Aontais iad an neamh-idirdhealú agus an chóir neamhionann. Mar sin féin, is féidir leis an Aontas agus lena chuid Ballstát leas a bhaint as ionstraimí beartais chun an comhionannas a chothú, áit a n-úsáidtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun cosaint in aghaidh an idirdhealaithe a chur chun cinn lasmuigh den *acquis* reatha i réimse an chomhionannais. Dá ainneoin sin, ós rud é nár glacadh an Treoir a bheartaítear maidir le Cóir Chomhionann go fóill, baineann an tAontas úsáid as ordlathas foras. Sa bhliain 2017, bhí an chaibidlíocht ar an treoir a bheartaítear ar bun le 9 mbliana anuas i gComhairle an Aontais Eorpaigh. Níor cuireadh i gcrích í faoi dheireadh na bliana.

Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach. Is é seasamh Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

Tuairim 3.1 ó FRA

Ba cheart do reachtóir an Aontais leanúint le hobair ar son na Treorach a bheartaítear maidir le Cóir Chomhionann a ghlacadh chun a áirithiú go dtairgfídh an tAontas cosaint chuimsitheach in aghaidh an idirdhealaithe i bpríomhréimsí an tsaoil, beag beann ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach an duine.

Tuairim 3.2 ó FRA

Ba cheart do reachtóir an Aontais leanúint le gníomhaíocht dhlíthiúil nithiúil a dhéanamh chun cosaint níos láidre do chearta sóisialta a sholáthar agus na prionsabail agus na cearta a chumhdaítear i gColún na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme tuilleadh.

Bhí na srianta ar éadaí reiligiúnacha agus siombailí reiligiúnacha a chaitheamh san obair nó i spásanna poiblí ina gcuid lárnach de na díospóireachtaí ar an reiligiún san Aontas sa bhliain 2017. Téann na srianta sin i bhfeidhm go háirithe ar mhná Moslamacha a chaitheann cineálacha difriúla ball éadaigh lena bhfoláitear an ceann nó an aghaidh. Thairg Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine tuilleadh treorach sa réimse sin maidir le fíor-riachtanais ghairme, an toirmeasc ar shiombailí reiligiúnacha infheicthe agus caitheamh ball éadaigh reiligiúnach sa phobal

lena bhfolaítear an aghaidh go hiomlán. Cuireann roinnt Ballstát den Aontas srianta ar chládaigh aghaidhe a chaitheamh in áiteanna poiblí chun idéal na sochaithe cuimsitheacha a chur chun cinn nó chun neodracht státseirbhíseach, breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí a chaomhnú.

Le hAirteagal 10 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, áirithítear an ceart atá ag gach duine chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin. Tá ar áireamh sa cheart sin saoirse chun reiligiún nó creideamh a athrú agus saoirse, mar dhuine aonair nó i gcomhlúadar le daoine eile, reiligiún nó creideamh a léiriú trí adhradh, trí theagasc, trí chleachtas agus trí dheasghnátha. Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar fhoras reiligiúin nó creidimh. Le hAirteagal 22 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, foráiltear go ndéanfaidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga a urramú.

Tuairim 3.3 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas a áirithiú go gcosnófar cearta bunúsacha agus saoirsí agus iad ag smaoinimh ar aon srianta a chur le siombailí nó baill éadaigh atá bainteach le reiligiún. Maidir le haon togra reachtach nó riaracháin a d'fhéadfadh srian a chur leis an tsaoirse atá ag duine a reiligiún nó a chreideamh a léiriú, ba cheart breithniúcháin chearta bunúsach agus meas ar phrionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta a bheith mar chuid dhílis de.

Lean na Ballstáit den Aontas le bearta a chur chun cinn a bhfuil mar aidhm leo comhionannas daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha a chur chun cinn. Rinne roinnt Ballstát den Aontas stádas sibhialta lánúineacha comhghnéis a chur ar chomhréim le stádas sibhialta lánúineacha pósta, cé gurb amhlaidh i gcásanna go bhfuil teorainneacha ann maidir le huchtú nó le hatáirgeadh cuidithe. Rinne Ballstáit eile bearta chun an ghné leighis a bhaint den phróiseas athraithe inscne. Ghlac Ballstát amháin den Aontas nósanna imeachta simplithe do dhaoine trasinscneacha le haghaidh a ngnéas cláraithe a athrú. Tháinig saincheist na marcóirí dénártha inscne chun cinn i roinnt Ballstát den Aontas. Thug ceann amháin de na Ballstáit deis isteach an marcóir "X" a úsáid i ndoiciméid oifigiúla mar rogha eile ar "fireann" nó "baineann".

Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear aon idirdhealú atá

bunaithe ar ghnéas nó ar threoshuíomh gnéasach. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach liosta gníomhartha i mí na Nollag 2015 chun dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha. Áiríodh leis na gníomhartha sin cearta a fheabhsú agus cosaint dlíthiúil daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha agus a ndaoine muinteartha a áirithiú, agus faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chearta atá ann cheana. Cumhdaítear an tréimhse 2016-2019 leis an liosta gníomhartha. Cé nach bhfuil sé ina cheangal dlí, tugtar treoir sa liosta maidir le cén áit agus cén dóigh ar féidir leis na Ballstáit den Aontas obair ar son a áirithiú go mbeidh daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha in ann leas a bhaint as an gceart atá acu chun comhionannais agus neamh-idirdhealaithe. Thug an tAontas agus a chuid Ballstát gealltanais go gcomhlíonfadh siad na cuspóirí a leagtar síos i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 10 maidir le neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus ina measc, socraítear comhionannas deise a áirithiú agus neamhionannais toraidh a laghdú mar cheann amháin dá cuspóirí. Áirítear leis sin deireadh a chur le dlíthe, beartais agus cleachtais atá idirdhealaitheach, agus reachtaíocht, beartais agus gníomhaíocht atá cuí a chur chun cinn.

Tuairim 3.4 ó FRA

Moltar do na Ballstáit den Aontas leanúint le bearta sonracha a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha in ann leas iomlán a bhaint as a gcearta bunúsacha ar fad. Le linn déanamh amhlaidh, moltar do na Ballstáit den Aontas treoir a fháil ón liosta gníomhartha ar fhoilsigh an Coimisiún Eorpach é le déanaí ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha.

Uirlis fhíorúsáideach le haghaidh patrúin neamhionannais i mBallstáit den Aontas a nochtadh agus bonn dlúth le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe is ea sonraí comhionannais. Sna fionnachtana ón dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú (*EU-MIDIS II*) agus i dtaighde ar fhoilsigh comhlachtaí náisiúnta comhionannais agus údarais phoiblí é sa bhliain 2017, léirítear go soiléir go dtéann an t-idirdhealú agus an chóir neamhionann i bhfeidhm go mór ar shochaithe Eorpacha. I bhfionnachtana an taighde ar an modh tástála idirdhealaithe a chur chun feidhme,

tugtar fianaise eimpíreach bhreise á léiriú go bhfuil idirdhealú ann sa rochtain ar an bhfostaíocht agus ar an tithíocht ar fhorais éagsúla i roinnt Ballstát den Aontas. Trí shonraí a bhailiú go córasach faoi phatrúin neamhionannais, is féidir leis an Aontas Eorpach agus lena chuid Ballstát faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus na mbearta a chuirtear i bhfeidhm chun an comhionannas a chothú agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn agus na beartais agus na bearta sin a choigeartú chun a éifeachtaí atá siad a fheabhsú. Thug an tAontas agus a chuid Ballstát gealltanais go gcomhlíonadh siad na cuspóirí a leagtar síos i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Dá mbeadh sonraí láidre iontaofa comhionannais ar fáil, chuirfí ar chumas an Aontais agus dá chuid Ballstát dul chun cinn a thomhas ar chuspóirí 10.2 agus 10.3 faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 10 a chomhlíonadh, rud a bhaineann le neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus ina measc.

Is féidir úsáid a bhaint as cineálacha difriúla sonraí, amhail sonraí staitistiúla agus riaracháin, agus as fianaise eolaíoch chun tacú le ceapadh beartas ar mhaithe leis an gcóir chomhionann a chur chun cinn agus leis an idirdhealú a chomhrac. Is féidir sonraí den sórt sin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch (2000/43/CE) nó na Treorach maidir le Comhionannas Fostaíochta (2000/78/CE) freisin. Sna moltaí ginearálta beartais uaidh, leagann an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe béim ar an ngá atá ann le dea-shonraí chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh an idirdhealaithe. De bhreis air sin, tugtar i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas treoir maidir le sonraí comhionannais a bhailiú.

Tuairim 3.5 ó FRA

Moltar d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit den Aontas leanúint le tacaíocht agus cistiú a thabhairt don bhailiú sonraí comhionannais atá iontaofa agus láidir ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, údarais náisiúnta staidrimh, comhlachtaí náisiúnta comhionannais, údarais phoiblí eile agus institiúidí acadúla. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit den Aontas sonraí comhionannais atá láidir agus iontaofa a sholáthar d'Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) chun go gcuirfead ar chumas an Aontais cláir agus bearta spriocdhírthe a fhorbairt trínar féidir an chóir chomhionann a chothú agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Nuair is féidir agus is iomchuí, ba cheart na sonraí arna mbailiú a imdhealú de réir tionscnamh eitneach, míchumais agus reiligiúin, de bhreis ar iad a imdhealú de réir inscne agus aoise.



4. Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt atá bainteach leo

Seacht mbliana déag tar éis ghlacadh na Treorach maidir le comhionannas ciníochas agus 9 mbliana tar éis ghlacadh an Chreat-Chinnidh maidir le ciníochas agus seineafóibe, tá ar inimircigh agus ar ghrúpaí eitneacha mionlaigh aghaidh a thabhairt i gcónaí ar idirdhealú, ciapadh agus próifíliú idirdhealaitheach eitneach go forleathan ar fud an Aontais Eorpaigh, mar a léirítear i dtorthaí an dara Suirbhé de chuid an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar an Idirdhealú (EU-MIDIS II). Thacaigh an Coimisiún Eorpach le hiarrachtaí na mBallstát AE dul i ngleic le ciníochas agus coireanna fuatha tríd an nGrúpa Ardleibhéil AE maidir le ciníochas, seineafóibe agus le cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac. Lean sé d'fhaireachán géar a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach maidir le comhionannas ciníochas agus an chreat-chinnidh. Cé go bhfuil roinnt Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh ag déanamh athbhreithniú ar a gcuid reachtaíochta frithchiníochais, in 2017 ní raibh pleananna gníomhaíochta agus straitéisí i bhfeidhm ach ag 14 acu a bhí dírithe ar chiníochas agus idirdhealú eitneach a chomhrac.

D'ainneoin na dtionscnamh beartais ar tugadh fúthu faoi chuimsiú chreat Ghrúpa Ardleibhéil an Aontais um chiníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac, bíonn an fhuathchoireacht chiníoch agus sheineafóbach ag dul i bhfeidhm go mór ar shaol na milliún duine san Aontas fós. Léirítear an méid sin sna fionnachtana ón dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú (EU-MIDIS II) agus tuairiscítear é sna forbheathnuithe rialta a dhéanann FRA ar ábhair inní cheart bunúsach a bhaineann leis an imirce.

Leagtar amach in Airteagal 1 den Chinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe na bearta a dhéanfaidh na Ballstáit chun iompar ciníoch agus seineafóbach toiliúil a phionósú. Le hAirteagal 4(a) den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, cuirtear ceangal breise ar na Stáit is páirtithe ann cion is inphionóis le dlí a dhéanamh de ghríosú chun idirdhealaithe chiníoch agus d'fhoréigean in aghaidh aon chine nó aon ghrúpa daoine.

Tuairim 4.1 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas a áirithiú gur go héifeachtach a dhéanfar taifeadadh, imscrúdú, ionchúiseamh agus triail ar chás ar bith a bhfuil fuathchoir líomhnaithe, lena n-áirítear fuathchaint, i gceist leis. Ní mór an méid sin a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta agus dlí an Aontais is infheidhme.

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas iarrachtaí breise a dhéanamh sonraí is féidir a chur i gcomparáid le blianta eile a thaifeadadh, a bhailiú agus a fhoilsiú go córasach faoin bhfuathchoireacht le go mbeidh siad in ann freagairtí dlíthiúla agus beartais atá éifeachtach agus fianaisebhunaithe a fhorbairt do na feiniméin sin. Ba cheart aon sonraí a bhailiú i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais um chosaint sonraí.

D'ainneoin an chreata dhlíthiúil láidir a leagtar síos leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníochas (2000/43/CE), léirítear sna fionnachtana ón dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh maidir le Mionlaigh agus Idirdhealú (EU-MIDIS II) agus ó fhianaise eile go bhfulaingíonn céatadán suntasach d'inimircigh agus de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha ardleibhéil idirdhealaithe de bharr a gcúlraí eitneacha nó inimirceacha agus de bharr saintréithe eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leo, amhail dath craicinn agus reiligiún. Léirítear sna fionnachtana nach ndearnadh ach beagán dul chun cinn i gcomparáid leis an staid 8 mbliana ní ba luaithe, tráth a rinneadh an chéad bhabhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh maidir le Mionlaigh agus Idirdhealú. Tá an céatadán de dhaoine a bhfuiltear ag déanamh idirdhealú orthu ar leibhéal atá chomh hard sin gur ábhar mór inní é. Léirítear sna fionnachtana freisin nach eol don chuid is mó de fhreagróirí eagraíocht ar bith

a thairgeann tacaíocht nó comhairle d'íospartaigh an idirdhealaithe agus nach eol dá bhformhór aon chomhlacht comhionannais.

Tuairim 4.2 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas a áirithiú gur ar bhealach níos fearr a dhéanfar cur chun feidhme praiticiúil agus cur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach maidir le comhionannas ciníoch. Ba cheart dóibh freisin feacht a mhéadú ar an reachtaíocht in aghaidh idirdhealú agus ar na sásraí ábhartha sásaimh atá ann agus ba cheart dóibh díriú go háirithe lena linn sin ar na daoine arb iad is dóichí go ndéanfar idirdhealú orthu, amhail daoine ó mhionlaigh eitneacha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go háirithe gur sách éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a bheidh aon smachtbhannaí a fhorchuirfear, mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le comhionannas ciníoch.

Sa bhliain 2017, ní raibh pleananna gníomhaíochta tiomnaithe náisiúnta um idirdhealú ciníoch, ciníochas nó seineafóibe a chomhrac i bhfeidhm ach ag 14 Bhallstát den Aontas. Le Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban de chuid na Náisiún Aontaithe, is ar na Stáit rannpháirteacha a leagtar an phríomhfhreagracht as ciníochas, idirdhealú ciníoch, seineafóibe agus aon éadulaingt atá bainteach leo a chomhrac. D'éascair an Dearbhú agus an Clár Gníomhaíochta as an gComhdháil Dhomhanda in aghaidh Ciníochais, Idirdhealú Ciníoch, Seineafóibe agus aon éadulaingthe atá bainteach leo. Tá Grúpa Ardleibhéal an Aontais um chiníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac ina fhóram do na Ballstáit den Aontas inar féidir leo cleachtais a mhalartú chun a áirithiú go n-éireoidh leo pleananna gníomhaíochta den sórt sin a chur chun feidhme.

Tuairim 4.3 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas pleananna gníomhaíochta tiomnaithe náisiúnta a fhorbairt chun ciníochas, idirdhealú ciníoch, seineafóibe agus aon éadulaingt atá bainteach leo a chomhrac. Chuige sin, d'fhéadfadh na Ballstáit leas a bhaint as an treoir phraiticiúil ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir le conas pleananna den sórt sin a fhorbairt. Ar aon dul leis an treoir sin, dhéanfaí na nithe seo le pleananna gníomhaíochta den sórt sin: spriocanna agus gníomhartha a shocrú; comhlachtaí stáit freagracha a shannadh; spriocdhátaí a shocrú; táscairí feidhmíochta a leagan síos; agus soláthar a dhéanamh do shásraí faireacháin agus meastóireachta. Dá

gcuirfí pleananna den sórt sin chun feidhme, sholáthrófaí modh éifeachtach do na Ballstáit den Aontas chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad a gcuid oibleagáidí faoin Treoir maidir le comhionannas ciníoch agus faoin gCinneadh Réime maidir le ciníochas agus seineafóibe a chomhrac.

Mar a tuairiscíodh i dTuarascálacha roimhe seo um Chearta Bunúsacha, tugtar fianaise ón dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh maidir le Mionlaigh agus Idirdhealú (EU-MIDIS II) á léiriú go mbíonn daoine de ghrúpaí mionlaigh eitnigh ag fulaingt próifíliú idirdhealaitheach ag na póilíní go fóill. Is féidir le próifíliú den sórt sin an bonn a bhaint den iontaoibh as údarais forfheidhmithe dlí i measc daoine ó chúlaí mionlaigh eitnigh, ar daoine iad a d'fhéadfadh a aimsiú go ndéantar stopadh agus cuardach orthu go minic ar fhoras na cuma atá orthu amháin. Tagann an cleachtas sin salach ar phrionsabail an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú agus ar chaighdeán idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear iad sin a chumhdaítear sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus dlí-eolaíocht ghaolmhar na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, agus ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Treoir maidir le comhionannas ciníoch.

Tuairim 4.4 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas deireadh a chur le foirmeacha idirdhealaitheacha de phróifíliú eitneach. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach trí oiliúint chórasach sa reachtaíocht in aghaidh idirdhealú a chur ar fáil d'oifigigh forfheidhmithe dlí agus trí chabhrú leo tuiscint níos fearr a ghnóthú ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach agus cur in aghaidh steiréitíopaí agus réamhchlaonta. D'fhéadfaí an oiliúint sin a úsáid freisin chun feacht a mhéadú ar iarmhairtí an idirdhealaithe agus ar conas a d'fhéadfaí iontaoibh as na póilíní a mhéadú i measc na ndaoine de phobail mhionlaigh. De bhreis air sin, d'fhéadfadh na Ballstáit den Aontas breithniú a dhéanamh ar thaifid a choinneáil ar úsáid na gcumhachtaí chun stopadh agus cuardach ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar chleachtais phróifílithe idirdhealaithe. D'fhéadfadh siad go háirithe taifid a choinneáil d'eitneacht na ndaoine a n-iarrtar orthu stopadh, mar a tharlaíonn faoi láthair i mBallstát amháin, i gcomhréir le creatáil dlíthiúla náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais um chosaint sonraí.

5. Lánpháirtiú na Romach

Níor tharla dul chun cinn suntasach ná “inbhraite” de bharr chreat an Aontais Eorpaigh do straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtiú na Romach, in ainneoin go bhfuil bearta chun ionchuimsiú na Romach a fheabhsú sna Ballstáit á gcur chun feidhme go leanúnach. Tá méadú tagtha ar rannpháirtiú na Romach san oideachas, ach tá fadhbanna go fóill ann maidir le luathfhágáil scoile agus idirdheighilt san oideachas. Is beag feabhas atá tagtha ar staid na Romach i réimsí na fostaíochta, na tithíochta agus na sláinte, agus tá an frithghiofógachas a bhíonn le feiceáil mar idirdhealú, ciapadh agus coireacht fuatha ina bhac mór i gcónaí ar ionchuimsiú na Romach. In 2017, tugadh tosaíocht pholaitiúil níos airde don ghá atá le dul i ngleic le frithghiofógachas; léiriú air sin ba ea an Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gnéithe ceart bunúsach de lánpháirtiú na Romach san Aontas Eorpach. Tá gá le hiarrachtaí feabhsaithe chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtúlacht na mbeart lánpháirtiúchta, agus ba chóir aird ar leith a thabhairt ar Romaigh óga atá imeallaithe agus eisiata go sóisialta agus ar chás na mban Romach.

Bac tábhachtach ar chuimsiú na Romach is ea an Frithghiofógachas, mar a léirítear sna fionnachtana ó shuirbhéanna a rinne FRA ar an bpobal Romach. Bíonn na Romaigh ag fulaingt idirdhealaithe mar gheall ar a n-eitneacht go fóill i réimsí ambail an rochtain ar an oideachas, ar an bhfostaíocht, ar an tithíocht agus ar an gcúram sláinte. Sáruithe ar an gceart chun neamh-idirdhealaithe iad an t-idirdhealú agus an Frithghiofógachas, mar a aithnítear faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Treoir maidir le Comhionannas Ciníochas (2000/43/CE) agus in ionstraimí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile um chearta an duine. Ina theannta sin, moltar sa mholadh ón gComhairle sa bhliain 2013 maidir le bearta éifeachtacha um lánpháirtiú na Romach go ndéanfadh na Ballstáit bearta riachtanacha chun forfheidhmiú praiticiúil éifeachtach na Treorach maidir le comhionannas ciníochas a áirithiú. An gá atá ann le dul i ngleic leis an idirdhealú in aghaidh na Romach trí chur chun feidhme a dhéanamh ar an Treoir maidir le comhionannas ciníochas agus ar an gCinneadh Réime maidir le ciníochas agus seineafóibe a chomhrac, agus díriú ar leith á chur ar ghnéithe inscne lena linn, leagadh béim air i dtuarascálacha roimhe seo ó FRA, lena n-áirítear tuarascáil an dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú (EU-MIDIS II) ar Romaigh — Fionnachtana roghnaithe agus an Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2017

Tuairim 5.1 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas a áirithiú go ndéanfar an comhrac in aghaidh an fhrithghiofógachais a phríomhshruthú isteach i mbearta beartais agus go gcomhcheanglófar é le beartais chuimsithe ghníomhaigh lena dtabharfar aghaidh ar an neamhionannas eitneach agus ar an mbochtaineacht, ar aon dul leis an Treoir maidir le comhionannas ciníochas agus leis an gCinneadh Réime maidir le ciníochas agus seineafóibe a chomhrac. Ba cheart a áireamh leo freisin bearta méadaithe feasachta ar na buntáistí a bhaineann le lánpháirtiú na Romach. Ba cheart na bearta sin a dhírú ar an bpobal i gcoitinne, ar sholáthraithe seirbhíse, ar bhail foirne oideachais phoiblí agus ar na póilíní. D’fhéadfadh go n-áireofaí le bearta den sórt sin suirbhéanna nó taighde cáilíochtúil a dhéantar ar leibhéal náisiúnta nó áitiúil chun tionchar sóisialta an fhrithghiofógachais a thuiscint.

Tá méadú tagtha ar rátaí rollaithe oideachais sa luath-óige i measc na Romach, rud a léiríonn na hinfeistíochtaí agus na bearta atá á ndéanamh ag rialtais chun tacú le hoideachas na luath-óige. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an gcéatadán de Romaigh óga a fhágann an t-oideachas go luath, fágann thart ar sheachtar Romach as gach deichniúr idir 18 mbliana d’aois agus 24 bliana d’aois an t-oideachas go luath. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar an idirdheighilt

san oideachas i roinnt Ballstát den Aontas agus níl feabhas suntasach tagtha ar an idirdhealú a chosc san oideachas. Leagtar béim in Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ar a thábhachtaí atá sé an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus cearta an linbh a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun oideachais. Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, toirmisctear go follasach aon idirdhealú atá bunaithe ar fhoras eitneachta nó cine. Iarrtar sa mholadh ón gComhairle sa bhliain 2013 maidir le bearta éifeachtacha um lánpháirtiú na Romach go gcuirfí deireadh le haon idirdheighilt scoile atá ann agus go n-áiritheofaí an inbhuanaitheacht agus an tionchar fadtéarmach a bhaineann le deireadh a chur leis an idirdheighilt. Is maidir le réimse an oideachais freisin atá feidhm ag an Treoir maidir le comhionannas ciníoch. Léiríú ar a dhéine atá an tsaincheist sin is ea gur tionscnaíodh nósanna imeachta sáraithe in aghaidh trí Bhallstát maidir le hdiridheighilt san oideachas i gcomhthéacs sáruithe ar an Treoir maidir le comhionannas ciníoch.

Tuairim 5.2 ó FRA

Ba cheart d'údaráis náisiúnta oideachais an tacaíocht agus na hacmhainní a theastaíonn a chur ar fáil do scoileanna a bhfuil daltaí Romacha acu ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar gach gné den chuimsiú oideachais, mar atá rannpháirtíocht san oideachas a mhéadú agus rátaí fágála oideachais a laghdú. Ba cheart do na Ballstáit den Aontas iarrachtaí breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an idirdheighilt san oideachas, ar iarrachtaí iad ina ndíreofar ar inbhuanaitheacht fadtéarmach agus, ag an am céanna, ina dtabharfar aghaidh ar an idirdhealú agus ar an bhfrithghíofógachas. I dteannta na mbeart i leith deireadh a chur leis an idirdheighilt, ba cheart tabhairt faoi iarrachtaí méadaithe feasachta agus cur chun cinn na héagsúlachta i scoileanna, ar iarrachtaí iad ina ndíreofar ar mhúinteoirí, ar dhaltai agus ar thuismitheoirí.

Ní i gcónaí a thagann rátaí fostaíochta níos airde nó rannpháirtíocht níos mó sa mhargadh saothair as rannpháirtíocht fheabhsaithe na Romach san oideachas. Is dúshlán fós í an difhostaíocht fadtéarmach agus is ag Romaigh óga agus mná Romacha go háirithe a bhíonn deacrachtaí agus iad ag iarraidh lánpháirtiú sa mhargadh saothair. Cé gur cuireadh díriú i roinnt tionscadal agus beart beartais ar leith ar riachtanais na Romach óg agus na mban Romach san fhostaíocht, is beag aird chórasach a tugadh ar na grúpaí sonracha sin go dtí seo. Sa mholadh ón gComhairle sa bhliain 2013 maidir le bearta éifeachtacha um lánpháirtiú na Romach,

iarrtar ar na Ballstáit den Aontas bearta éifeachtacha a dhéanamh chun cóir chomhionann na Romach a áirithiú i ndáil le rochtain ar an margadh saothair, mar shampla trí bhearta a bhfuil mar aidhm leo tacú leis an gcéad taithí oibre dóibh agus le gairmoiliúint, féinfhostaíocht agus fiontraíocht, rochtain a mhéadú ar sheirbhísí príomhshrutha fostaíochta poiblí agus deireadh a chur le bacainní amhail an t-idirdhealú. I gColún Eorpach na gCearta Sóisialta, a fógraíodh sa bhliain 2017, déantar tagairt don oideachas, don oiliúint agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil chun cabhrú le haistrithe rathúla isteach sa mhargadh saothair a bhainistiú. Déantar tagairt ann freisin don chomhionannas inscne, do chomhionannas deise agus do thacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, go háirithe do dhaoine óga agus do dhaoine difhostaithe.

Tuairim 5.3 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas neartú a dhéanamh ar bhearta a bhfuil mar aidhm leo tacú le rochtain na Romach ar an margadh saothair. Ba cheart úsáid a bhaint as beartais fostaíochta, oifigí náisiúnta fostaíochta agus gnólachtaí, go háirithe iad sin ar leibhéal áitiúil, chun tacaíocht a thabhairt le haghaidh an fhéinfhostaíochta agus gníomhaíochtaí fiontraíochta a chumasú. Ba cheart do na Ballstáit den Aontas iarrachtaí for-rochtana do Romaigh a chur chun feidhme freisin chun tacú lena lánpháirtiú iomlán isteach sa mhargadh saothair, agus díriú ar leith á chur ar mhná Romacha agus Romaigh óga.

Chun go n-éireoidh le bearta um lánpháirtiú na Romach, ní mór do Romaigh páirt fhiúntach a ghlacadh i dtionscadail agus i ndearadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na beartais agus na straitéisí a bheidh i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil. Baineann tábhacht le rannpháirtíocht na Romach ar leibhéal náisiúnta i ndearadh agus faireachán a dhéanamh ar straitéisí náisiúnta um lánpháirtiú na Romach nó ar thacair chomhtháite beart beartais. Mar sin, ba cheart an rannpháirtíocht sin a chur ar aghaidh trí idirphlé agus ardáin rannpháirtíochta ar leibhéal náisiúnta. Ar an leibhéal áitiúil go háirithe, is féidir leas a bhaint as sásraí comhair le húdarais áitiúla agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta chun cabhrú le rannpháirtíocht an phobail áitiúil a mhéadú, lena n-áirítear na Romaigh. Sa mholadh ón gComhairle sa bhliain 2013 maidir le bearta éifeachtacha um lánpháirtiú na Romach, iarrtar rannpháirteachas gníomhach agus rannpháirtíocht ghníomhach na Romach mar aon le cineálacha cuí cur chuige is féidir a ghlacadh ar leibhéal áitiúil i leith an lánpháirtithe. Sa taithí a ghnóthaigh FRA le linn a thaighde ar rannpháirteachas áitiúil le haghaidh lánpháirtiú na

Romach, léirítear dóigheanna ar féidir pobail áitiúla a chumasú chun páirt a ghlacadh i dtionscadail agus i bhforbairt straitéisí.

Tuairim 5.4 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach nó ar a dtacair chomhtháite bheart beartais chun cabhrú le cineálacha rannpháirtíochta cur chuige a chur ar aghaidh i leith ceapadh beartas agus tionscadail lánpháirtithe, agus aird ar leith á tabhairt ar an leibhéal áitiúil agus ar obair atá faoi stiúir ag an bpobal. Ba cheart Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus foinsí eile cistiúcháin a úsáid chun rannpháirtíocht na Romach agus tionscadail lánpháirtithe atá faoi stiúir ag an bpobal a éascú.

Sa mholadh ón gComhairle sa bhliain 2013 maidir le bearta éifeachtacha um lánpháirtíú na Romach, iarrtar ar na Ballstáit den Aontas faireachán cuí agus meastóireacht chuí a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a straitéisí náisiúnta agus a mbeartais chuimsithe shóisialta. Ní mór sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ábhartha a chur ar áireamh i sásraí faireacháin den sórt sin nuair is féidir, á áirithiú go bhfuil an bailiú sonraí á dhéanamh ar aon dul leis an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais is infheidhme, go háirithe maidir le cosaint sonraí pearsanta. Cé gur chuir roinnt Ballstát táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar áireamh chun an dul chun cinn ar lánpháirtíú na Romach a thomhas, níl aon sásraí faireacháin i bhfeidhm ag roinnt díobh go fóill. Is beag sásraí faireacháin atá ann lena dtugtar faisnéis faoi úsáid éifeachtach chistí an Aontais.

Tuairim 5.5 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit sásraí faireacháin ar lánpháirtíú na Romach a fheabhsú nó a bhunú, ar aon dul leis an Moladh ón gComhairle sa bhliain 2013 maidir le bearta éifeachtacha um lánpháirtíú na Romach sna Ballstáit. Ba cheart bailiú breise sonraí gan ainm arna n-imdhealú de réir eitneachta agus inscne a chur ar áireamh i sásraí faireacháin, ar aon dul le reachtaíocht an Aontais um chosaint sonraí, agus ba cheart ceisteanna ábhartha a chur ar áireamh i suirbhéanna mórsála, amhail an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair agus Staidreamh an Aontais maidir le hioncam agus dálaí maireachtála. Ba cheart ról a thabhairt don tsochaí shibhialta agus do phobail Romacha áitiúla sna sásraí faireacháin. Ba cheart measúnuithe neamhspleácha a bhfuil baint ag pobail Romacha leo a úsáid freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid agus éifeachtacht chistí an Aontais agus ba cheart iad a úsáid go díreach chun feabhas a chur ar bhearta beartais.

6. Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtiú

Thit líon na ndaoine a tháinig isteach ar bhonn neamhrialta ar farraige; 187 000 san iomlán a bhí ann in 2017 – leath líon 2016. Mar sin féin, fuair níos mó ná 3,100 duine bás agus iad ag trasnú na farraige chun na hEorpa. Feadh Chonair na mBalcán Thiar, mhéadaigh ar líon na líomhaintí i dtaobh imircigh a bheith á mí-úsáid ag póilíní. Chuaigh sé cruu ar roinnt Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh déileáil le glacadh isteach iarratasóirí tearmainn. Mhéadaigh ar an gceangal idir an imirce agus dúshláin slándála, agus mórchórais faisnéise AE á n-úsáid chun inimirce a bhainistiú agus slándáil a neartú. San am céanna, mar thoradh ar an iarracht dul i ngleic le himirce neamhrialta ar shlí níos éifeachtaí, méadaíodh ar na rioscaí a bhí ann cheana féin ó thaobh cearta bunúsacha.

Cé gur tháinig laghdú ar an líon daoine a bhain teorainn sheachtrach an Aontais amach ar bhealach neamhúdaráithe sa bhliain 2017, bhí dúshláin shuntasacha ann go fóill ó thaobh cearta bunúsacha de. Baineann roinnt de na sárúithe is tromaí le drochíde imirceach a thrasnaíonn an teorainn trí dhul timpeall ar rialuithe teorann. Tháinig méadú suntasach ar an líon tuairiscí ar iompar mí-úsáide a fuarthas sa bhliain 2017, go háirithe ar bhealach na mBalcán Thiar. Freagróirí ar an dara babhta de Shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú (EU-MIDIS II) ó FRA, ina ndearnadh agallamh le níos mó ná 12 000 inimirceach den chéad ghlúin san Aontas, thug siad le fios gur tháinig siad ar fhoréigean ag na póilíní nó ag gardaí teorann freisin. Beag beann ar an líon suntasach líomhaintí a dhéantar, is annamh a thionscnaítear imeachtaí coiriúla. Ceann de na cúiseanna leis sin is ea an drogall a bhíonn ar íospartaigh éilimh a shaothrú, mar aon leis an easpa fianaise a bhíonn ann chun tacú le héilimh. Is fíorannamh a chiontaítear daoine ina leith.

Cuirtear le hAirteagal 4 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh toirmeasc ar chéastóireacht agus ar ide atá mídhaonna nó táireach. Is dearbhthoirmeasc é sin, a fhágann nach gceadaítear aon eisceachtaí uaidh ná aon mhaoluithe air.

Tuairim 6.1 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas bearta coiscitheacha a threisiú chun laghdú a dhéanamh ar an mbaol go ngabhfadh póilíní agus gardaí teorann aonair d'iompraíocht mhí-úsáide ag na teorainneacha. Nuair a thagann tuairiscí ar dhrochíde chun cinn, ba cheart iad a imscrúdú go héifeachtach agus na déantóirí a thabhairt faoi réim an cheartais.

Sa bhliain 2017, thug an tAontas ardosaíocht d'athchóiriú a dhéanamh ar a chórais teicneolaíochta faisnéise (TF) ar mhórsála i réimse na himirce agus an tearmainn. A bhí le "hidir-inoibritheacht", beidh na córais dhifriúla níos nasctha lena chéile. Is le stór lárnach a thabharfar le chéile aitheantas na ndaoine uile a stóráiltear sna córais dhifriúla agus is le sásra eile a bhraithfear cásanna ina stóráiltear sonraí faoin aon duine amháin sna córais TF faoi ainm difriúil agus faoi aitheantas difriúil. Níor cuireadh na gnéithe uile de na rialacháin a bheartaítear maidir le hidir-inoibritheacht faoi réir grinnscrúdú cúramach ó thaobh cearta bunúsacha de.

Téann athchóiriú na gcóras TF i bhfeidhm ar roinnt ceart a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), cearta an linbh (Airteagal 24), an ceart chun tearmainn (Airteagal 18), an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil (Airteagal 47) agus an ceart chun saoirse agus slándála pearsan (Airteagal 6).

Tuairim 6.2 ó FRA

Ba cheart don Aontas a áirithiú go ndéanfaidh reachtóir an Aontais nó sainchomhlachtaí neamhspleácha grinnmheasúnú ar an tionchar ar fad ó thaobh cearta bunúsacha de a bheidh ag na tograí difriúla ar idir-inoibritheacht sula ndéanfar iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus aird ar leith á tabhairt ar eispéireas éagsúil na bhfeidhm ar na mban.

Rinne an tAontas agus a chuid Ballstát iarracht shuntasach filleadh na n-imirceach atá i staid neamhrialta a mhéadú. Measann údaráis inimirce agus údaráis ábhartha eile go bhfuil an cailleadh saoirse ina bhunchloch thábhachtach don fhilleadh rathúil. Leagtar amach sa Lámhleabhar Athbhreithnithe maidir le Filleadh, a glacadh sa bhliain 2017, liosta cásanna ar cheart do na Ballstáit den Aontas féachaint orthu mar tháscairí ar an “mbaol éalaithe” —rud a bhíonn, sa chleachtas, ar an údar is coitianta le coinneáil a ordú. Sainítear ann freisin imthosca inar cheart a thiomhdiú gurb ann do bhaol éalaithe, rud a aistríonn chuig an duine aonair an t-ualach an toimhde sin a bhréagnú. Mar gheall ar an easpa staitisticí inchoimparáide atá ann ar choinneáil inimirce san Aontas, tá sé doiligh measúnú a dhéanamh ar cé acu a méadaíodh nó nár méadaíodh úsáid na coinneála inimirce mar thoradh ar an aird threisithe atá á tabhairt ar an bhfilleadh a dhéanamh níos éifeachtaí. Tháinig tuairiscí chun cinn i mBallstáit dhifriúla den Aontas, áfach, inar tugadh le fios go bhfuil patrúin choinneála treallacha i réim iontu.

Cuireann an choinneáil isteach go mór ar an gceart chun saoirse a chosnaítear le hAirteagal 6 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní mór na coimircí a bunaíodh chun an choinneáil neamhdhleathach agus threallach a chosc a urramú in aon chás ina mbaintear saoirse de dhuine.

Tuairim 6.3 ó FRA

Le linn a saoirse a bhaint de dhaoine aonair ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce, ní mór do na Ballstáit den Aontas na coimircí uile a fhorchuirtear leis an gCairt agus iad sin a eascraíonn as an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a urramú. Rud sonrach, ní mór an choinneáil a bheith riachtanach sa chás lena mbaineann.

Tá béim leagtha ag FRA arís agus arís eile ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar an bhfilleadh éigeantach de bhun Airteagal 8(6) den Treoir um Fhilleadh mar bhealach inar féidir filleadh a chomhlíonann cearta bunúsacha a chur chun cinn. Níl córais oibríochtúla faireacháin ar an bhfilleadh éigeantach i bhfeidhm ag na Ballstáit uile den Aontas.

Is é atá i gceist leis an bhfilleadh a chur chun feidhme rioscaí suntasacha a bhaineann leis na croichearta bunúsacha a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart chun beatha (Airteagal 2), an toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhanna nó táireach (Airteagal 4), an ceart chun saoirse (Airteagal 6), an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil agus prionsabal an *non-refoulement* (Airteagal 19).

Tuairim 6.4 ó FRA

Ba cheart do gach Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir um Fhilleadh córas éifeachtach faireacháin ar an bhfilleadh a chur ar bun.

7. An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí

Maidir le nuálaíocht teicneolaíochta agus cosaint príobháideachta agus sonraí pearsanta araon, ba bhliain thábhachtach í 2017. De bharr fhorbairt ghasta na dteicneolaíochtaí nua, tháinig an oiread deiseanna chun tosaigh is ar tháinig de dhúshláin. De réir mar a chuir na Ballstáit AE agus institiúidí an Aontais bailchríoch ar a gcuid oibre ullmhúcháin maidir le feidhmiú phacáiste an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí, tháinig dúshláin nua chun cinn. De bharr an dul chun cinn an-tapa i dtaighde a bhaineann le “sonraí móra” agus faisnéis shaorga, agus a bhfuil geallta acu i réimsí ilchineálacha amhail sláinte, slándáil agus margáí gnó, tháinig brú ar údaráis phoiblí agus ar an tsochaí shibhialta an tionchar iarbhir a d’fhéadfadh a bheith acu ar shaoránaigh a cheistiú – an tionchar ar chearta bunúsacha go háirithe. San am céanna, tugadh tréan-dúshlán na slándála digití de bharr dhá ionsaí mhóra ó bhogearraí mailíseacha. Bhí na hathchóirithe a rinne an tAontas Eorpach le déanaí i réimsí na cosanta sonraí agus na cibearshlándála, chomh maith le hiarrachtaí reatha an Aontais maidir le r-príobháideacht, tráthúil agus ábhartha i bhfianaise na nithe seo a thit amach.

Aithnítear in Airteagal 8(3) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 16(2) CFAE gur ceart bunúsach í cosaint sonraí pearsanta. Deimhnítear iontu nach mór comhlíonadh rialacha cosanta sonraí a bheith faoi réir rialú ag údarás neamhspleách. Is féidir maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chearta cosanta sonraí go hiarbhir i gcás inarb amhlaidh go bhfuil ag údaráis den sórt sin na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais a theastaíonn, lena n-áirítear áitreabh agus bonneagar leordhóthanach, chun comhlíonadh éifeachtach a gcúraimí agus forfheidhmiú a gcumhachtaí a áirithiú. Bunaítear an ceanglas sin in Airteagal 52(2) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Tuairim 7.1 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas grinnmheasúnú a dhéanamh ar na hacmhainní daonna agus airgeadais, lena n-áirítear na scileanna teicniúla, a theastaíonn le haghaidh oibríochtaí na n-údarás cosanta sonraí i bhfianaise na bhfreagrachtaí nua a leagfar orthu de bharr na gcumhachtaí agus na n-inniúlachtaí méadaithe a leagtar amach faoin Rialachán Ginearálta maidir le cosaint sonraí.

Ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le cosaint sonraí go n-áirítheoidh údaráis chosanta sonraí go mbeidh feachtas agus tuiscint ann ar na cearta agus na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Ós rud é gur ar fáil ar líne amháin atá formhór na dtreoirilínte agus na bhfeachtas múscaillte feachtas, áfach, tá rochtain ar an idirlíon ag teastáil chun feachtas a ghnóthú ar na cearta. I bhformhór na mBallstát, is ann do mhórbhearna dhigiteach idir na glúnta go fóill maidir le húsáid an idirlín.

Tuairim 7.2 ó FRA

Ba cheart d’údaráis chosanta sonraí a áirithiú go dtabharfaidh gach rialaitheoir sonraí aird shonrach ar leanaí agus ar shaoránaigh scothaosta den Aontas ar mhaithe le feachtas chomhionann a ráthú ar chosaint sonraí agus ar chearta chun príobháideachta agus ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an leochaileacht a thagann as an neamhlitearthacht dhigiteach.

Agus an anailís ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh, ba cheart raon feidhme na coinneála sonraí a dhéantar de bhun an chomhaontaithe maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí agus de bhun na Treorach maidir le taifead ainmneacha Paisinéirí a theorannú dá bhfuil fíor-riachtanach. Fágann sé sin nár cheart sonraí

a choinneáil faoi phaisinéirí atá imithe cheana féin agus nach bhfuil aon bhaol sceimhlitheoireachta ná aon bhaol coireachta trasnáisiúnta tromchúisí ag baint leo — ar a laghad i gcás nár nochtadh aon fhianaise oibiachtúil ar bhaol den sórt sin ann sna seiceálacha agus sna fóruithe a rinneadh ná in aon imthosca eile.

Tuairim 7.3 ó FRA

Le linn dó an Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí a athbhreithniú de bhun Airteagal 19, ba cheart do reachtóir an Aontais aird a thabhairt ar an anailís ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí a athbhreithniú chun raon feidhme na coinneála sonraí a theorannú, tar éis imeacht aerphaisinéirí, chuig na paisinéirí sin a bhféadfadh baol sceimhlitheoireachta agus/nó baol coireachta trasnáisiúnta tromchúisí a bheith ag baint go hoibiachtúil leo.

Tá sé de chúram ar údaráis chosanta sonraí faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le cosaint sonraí agus é a fhorfheidhmiú agus tuiscint a mhéadú ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Tá an ról sin níos tábhachtaí fós i gcomhthéacs na hanailísíochta “mórshonraí”, rud lena gcumasaítear infhaighteacht, comhroinnt agus úsáid uathobrithe sonraí pearsanta nach raibh a leithéid ann riamh. Mar atá léirithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle na hEorpa, d’fhéadfadh próiseáil den sórt sin — a n-oibríonn daoine nádúrtha, cuideachtaí príobháideacha agus údaráis phoiblí í — na cearta bunúsacha atá ag daoine aonair a chur i mbaol, go háirithe an ceart chun príobháideachta, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe. Tá tuilleadh taighde ag teastáil fós chun an baol sin a shainaithint go soiléir agus chun aghaidh a thabhairt air go pras.

Tuairim 7.4 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na hanailísíochta “mórshonraí” agus a bhreithniú conas is féidir sásraí maoirseachta atá láidir, neamhspleách agus éifeachtach a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí gaolmhara do chearta bunúsacha. Mar gheall ar an saineolas atá acu, ba cheart d’údaráis chosanta sonraí ról gníomhach a bheith acu sna próisis sin.

Feabhsaítear an leibhéal foriomlán slándála líonra agus faisnéise leis an Treoir maidir le slándáil líonra agus faisnéise. Déantar amhlaidh, i measc bealaí eile, trí oibleagáidí éagsúla a chur ar “oibreoirí náisiúnta seirbhíse riachtanaí”, amhail leictreachas, iompar, uisce, fuinneamh, sláinte agus bonneagar digiteach, chun a áirithiú go gcuirfear straitéis éifeachtach chun feidhme i ngach ceann de na hearnálacha rithábhachtacha sin. Go háirithe, cuirtear le hAirteagal 8 den Treoir oibleagáid ar na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú, mar aon le pointe teagmhála náisiúnta aonair maidir le slándáil líonra agus faisnéise “a rachaidh i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí agus na húdaráis náisiúnta chosanta sonraí lena mbaineann agus a oibreoidh i gcomhar leo nuair is cuí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta”. Léiríodh i dtionscnaimh chur chun feidhme i roinnt Ballstát gur gá a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar na príonsabail chosanta sonraí a chumhdaítear sa Rialachán Ginearálta maidir le cosaint sonraí agus go léireofar iad sa reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir maidir le slándáil líonra agus faisnéise.

Tuairim 7.5 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas a áirithiú go mbeidh na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir maidir le slándáil líonra agus faisnéise isteach sa dlí náisiúnta ag teacht leis na príonsabail chosanta a chumhdaítear sa Rialachán Ginearálta maidir le cosaint sonraí. Go háirithe, ba cheart cloí sna forálacha náisiúnta leis na príonsabail um theorannú de réir cuspóra, íoslaghú sonraí, slándáil sonraí, teorannú stórála agus cuntasacht, go háirithe i dtaca leis an oibleagáid atá ar na húdaráis náisiúnta faoin Treoir maidir le slándáil líonra agus faisnéise obair i gcomhar le húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí agus le húdaráis náisiúnta chosanta sonraí.

8. Cearta an Linbh

Tháinig laghdú beag san iomlán ar rátaí bochtaineachta leanaí san Aontas Eorpach, ach d'fhan na rátaí sin ard tríd is tríd. Tá beagnach 27 milliún leanbh i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Tá fioreaspa tithíochta ar 7 % de theaghlaigh san AE a bhfuil leanaí acu. Sa Cholún Eorpach um Chearta Sóisialta, leagtar béim ar an gceart atá ag leanaí ar chosaint ó bhochtaineacht agus ar chomhionannas; díreann go sonrach ann ar oideachas luathóige inacmhainne agus ar chúram ar ardchaighdeán. Lean leanaí arbh imircigh agus dídeanaithe iad ag teacht chun na hEorpa ag lorg cosanta, cé nach raibh an oiread acu ann agus a bhí in 2015 agus in 2016. Cé gur chuir an Coimisiún Eorpach treoraíocht bheartais ar fáil trí chumarsáid maidir le cosaint leanaí le linn imirce, lean Ballstáit dá gcuid iarrachtaí cóiríocht, oideachas, cúnaimh síceolaíoch agus bearta lánpháirtíochta ginearálta cuí a sholáthar do leanaí. Bhí dúshlán praiticiúil ag baint le prionsabal leas an linbh a chur chun feidhme i gcomhthéacs na himirce. Rinneadh dul chun cinn anteoranta maidir le coinneáil inimirce leanaí a laghdú. San am céanna, i dtionscnaimh éagsúla Eorpacha agus náisiúnta díriodh ar na rioscaí a bhaineann le radacú agus le hantoisceachas foréigneach i measc daoine óga.

Ar aon dul leis an treocht sa 2 bhliain roimhe, tháinig laghdú arís eile ar an líon leanaí san Aontas atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Dá ainneoin sin, tá beagnach 25 mhilliún leanbh i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta; is gá don Aontas agus dá chuid Ballstát aghaidh a thabhairt air sin láithreach. Ceanglaítear le hAirteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go mbeidh “ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail”. Cé gur áiríodh leis an Seimeastar Eorpach sa bhliain 2017 líon méadaithe moltaí tírshonracha a bhaineann le leanaí, tharla sé den chéad uair riamh nach raibh an bhochtaineacht leanaí i gceist le ceann ar bith díobh. Is fórbheag leas a bhaineann le Ballstáit den Aontas as an Moladh “Infheistíocht a dhéanamh i leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh” ón gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2013 sna Cláir Athchóirithe Náisiúnta atá ar bun acu mar chuid den Seimeastar Eorpach. Cé gur cháin gníomhaithe sochaí sibhialta é, d'fhéadfadh go dtabharfaí le Colún Eorpach na gCearta Sóisialta deis dúinn rátaí bochtaineachta leanaí a athrú agus an moladh ón gCoimisiún sa bhliain 2013 a threisiú, ar moladh é a ndearna an Coimisiún meastóireacht sa bhliain 2017 ar a chur chun feidhme.

Tuairim 8.1 ó FRA

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na gealltanais a thugtar i gColún Eorpach na gCearta Sóisialta chun leanaí a chosaint ar an mbochtaineacht agus chun rochtain a thabhairt ar oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne ar ardchaighdeán gan aon idirdhealú. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go mbeidh ag buachaillí agus cailíní ó chúdraí faoi mhíbhuntáiste an ceart go ndéanfar bearta ar leith dóibh chun comhionannas deise a fheabhsú. Má táthar chun an colún a chur chun feidhme, beidh tograí reachtacha nithiúla, pleananna gníomhaíochta, leithdháileadh buiséadach agus córais faireacháin ag teastáil i ngach réimse a théann i bhfeidhm ar leanaí agus a dteaghlach, amhail an fhostaíocht, an comhionannas inscne, an rochtain ar sheirbhísí sláinte, ar an oideachas agus ar thithíocht inacmhainne.

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas leas a bhaint as an Moladh “Infheistíocht a dhéanamh i leanaí” ón gCoimisiún sa bhliain 2013 agus a gCláir Athchóirithe Náisiúnta don Seimeastar Eorpach á gcur i láthair acu.



Téann diandíothacht tithíochta i bhfeidhm ar sheacht faoin gcéad de na teaghlaigh a bhfuil leanaí acu san Aontas. Cónaíonn siad i dtithe róphlódaithe ina mbaineann ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas le hábhar: díon atá ag ligean, gan folcadán/cithfolcadán nó leithreas laistigh a bheith ann, nó gan solas dóthanach a bheith ann. Beag beann ar an easpa sonraí atá ann ar fud an Aontais faoin líon díshealbhuíthe agus faoin easpa dídine, léirítear sna tuairiscí ó oifigí staidrimh náisiúnta agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha go bhfuil méadú tagtha ar an líon leanaí atá i mbrúna do dhaoine gan dídean. Aithnítear in Airteagal 34(3) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh “an ceart chun cúnaimh sóisialta agus tithíochta a fháil chun a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála cuibhiúil ag na daoine sin go léir gan acmhainní leordhóthanacha, de réir na rialacha atá leagtha síos le dlí an Chomhphobail agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta”. Cé gur áiríodh le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta rochtain ar thithíocht shóisialta, cosaint ar dhíshealbhú éigeantach agus tacaíocht do dhaoine gan dídean freisin, is amhlaidh, i gcodarsnacht le Cairt Shóisialta Athbhreithnithe na hEorpa, nach mbunaítear aon bhearta ceangailteacha leis an gColún. É sin ráite, le linn dóibh Cairt Shóisialta Athbhreithnithe na hEorpa a dhainiú, níor ghlac ach seacht mBallstát leis gur foráil cheangailteach í an fhoráil maidir leis an gceart chun tithíochta.

Tuairim 8.2 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas an comhrac in aghaidh diandíothacht tithíochta a bhunú mar thosaíocht pholaitiúil agus a áirithiú go dtabharfar do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu, go háirithe iad sin atá i mbaol na bochtaineachta, rochtain tosaíochta ar thithíocht shóisialta nó cúnaimh leordhóthanach tithíochta. Ba cheart do na húdaráis ábhartha aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine agus bearta a chur chun feidhme a bhfuil mar aidhm leo díshealbhú teaghlach a bhfuil leanaí acu a chosc nó a mhoilliú, go háirithe le linn an gheimhridh. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as na cláir éagsúla chistiúcháin tithíochta a chuireann an tAontas ar fáil.

Ba cheart don Aontas malartú réigiúnach agus trasnáisiúnta cleachtas a chur chun cinn maidir le bearta praiticiúla a bhfuil mar aidhm leo díshealbhú teaghlach a bhfuil leanaí acu a chosc. Ba cheart dó freisin iarrachtaí a chur chun cinn ar fud an Aontais a bhfuil mar aidhm leo sonraí a bhailiú faoi dhíshealbhú teaghlach a bhfuil leanaí acu agus faoin easpa dídine.

Tháinig laghdú ar an líon iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe a bhain an Eoraip amach sa bhliain 2017. Rinne níos lú ná 200 000 leanbh iarratas ar thearmann san Aontas le linn na bliana, figiúr a bhí cothrom le laghdú 50 %, beagnach, ar an bhfigiúr don bhliain 2016. Céim dhearfach chun tosaigh ba ea an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2017 lenar leagadh amach gníomhartha chun cosaint a thabhairt do leanaí san imirce. Prionsabal seanbhunaithe sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine is ea leas an linbh, a chumhdaítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Airteagal 3), i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 24), i ndlí tánaisteach an Aontais agus i bhformhór na bpíosaí reachtaíochta náisiúnta a bhaineann le leanaí. Tá easpa treorach ann ina leith, áfach. De réir sonraí a bailíodh don *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2018* ó FRA, níl próisis agus modhanna struchtúrtha i bhfeidhm ach ag roinnt Ballstát chun leas an linbh a chur chun feidhme sa chleachtas.

Tuairim 8.3 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas nósanna imeachta atá oiriúnach dá gcomhthéacs náisiúnta a chur ar bhonn foirmiúil le haghaidh leas an linbh a mheasúnú i réimse an tearmainn nó na himirce. Ba cheart a shainiú go soiléir sna nósanna imeachta sin cé na cásanna inar gá cinneadh foirmiúil a dhéanamh ar leas an linbh, cé a bheidh freagrach as an gcinneadh, conas a thairgeadh an cinneadh agus cén mhodheolaíocht atá iogair ó thaobh inscne agus cultúir de ba cheart a úsáid.

D'fhéadfadh an tAontas cabhrú leis an bpróiseas sin ach é a chomhordú agus a threorú agus an cleachtas reatha a léarscáiliú trí líonraí reatha na mBallstát maidir le cearta an linbh agus cosaint leanaí san imirce, rud a gcomhordaíonn an Coimisiún Eorpach é.

Leantar le leanaí a choinneáil ar chúiseanna inimirce. Mar sin féin, rinne roinnt Ballstát bearta dearfacha chun roghanna malartacha ar an gcoinneáil a fhorbairt. Bunaítear le *acquis* an Aontais nach gcoinneofar leanaí ach amháin mar rogha dheiridh agus i gcás nach féidir bearta nach bhfuil chomh comhéigheach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach ann. I gcásanna den sórt sin, níor cheart an leanbh a choinneáil ach amháin ar feadh na tréimhse is giorra is féidir. Ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, rinne an Coiste um Chearta an Linbh agus an Coiste maidir le Cearta na nOibrithe Imirceacha uile agus Dhaoine dá dTeaghlach a Chosaint dhá Chomhthuairim Ghinearálta a eisiúint. Cuireann siad in iúl iontu go measann siad gur sárú ar chearta

an linbh í coinneáil inimirce leanaí. Deimhníonn siad nár cheart leanaí “a choinneáil in aon chás ar chúiseanna a bhaineann leis an stádas imirce atá acu nó ag a dtuismitheoirí”. Is é an toradh a bheidh ar na diancheanglais a eascraíonn as Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus as Airteagal 3 (toirmeasc ar chéastóireacht) agus Airteagal 5 (an ceart chun saoirse agus slándála) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine gur i gcásanna eisceachtúla amháin a bheidh cailleadh saoirse i gcomhréir le dlí an Aontais.

Tuairim 8.4 ó FRA

Chun an ceart atá ag leanaí chun cosaint agus cúram a fháil a chur chun cinn, ba cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát roghanna malartacha inchreidte éifeachtacha ar an gcoimeád a fhorbairt, ar roghanna iad a d'fhágfadh nach mbeadh sé riachtanach leanaí a choinneáil le linn nósanna imeachta tearmainn ná chun críocha fillte, beag beann ar cé acu atá siad san Aontas ina n-aonar nó in éineacht lena dteaghlach. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, mar shampla, feabhas a chur ar bhainistíocht cásanna, cúram malartach, comhairleoireacht agus cóitseáil.

Ba cheart don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar fhaireachán córasach a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an gcoinneáil inimirce i gcás leanaí agus daoine eile atá i staid leochaileach.

Gné den saol san Eoraip is ea an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach, atá fréamhaithe in idé-eolaíochtaí difriúla. Is forbairt dhearfach i dtreo freagairt go cuimsitheach don mhéid sin é bunú Shainghrúpa Ardleibhéil an Choimisiúin um Radacú, áfach. Baineann roinnt saincheisteanna ó thaobh cearta bunúsacha de le hábhar i réimse an radacaithe agus i ndáil le straitéis slándála inmheánaí an Aontais a chur chun feidhme. Ní hamháin gur chuir na Ballstáit meascán beart forfheidhmithe dlí chun feidhme, ach bhunaigh siad cláir oideachais agus ionaid oideachais freisin chun tacú le leanaí atá i mbaol an radacaithe agus lena dteaghlach. Chuir siad teachtaireachtaí malartacha chun cinn ar ardáin ar líne chomh maith.

Tuairim 8.5 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas aghaidh a thabhairt ar fheiniméan casta an radacaithe trí chur chuige iomlánaíoch ilghnéitheach a ghlacadh a théann níos faide ná bearta slándála agus forfheidhmithe dlí amháin. Chun an méid sin a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit cláir a bhunú lena gcuirtear saoránacht agus luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe chun cinn, go háirithe i suíomhanna oideachais. Ba cheart do na Ballstáit comhordú éifeachtach a spreagadh i measc na ngníomhaithe reatha sa chosaint leanaí, sa cheartas, sa chúram sóisialta agus óige agus i gcórais sláinte agus oideachais ar mhaithe le hidirghabháil chomhtháite chuimsitheach a éascú.



9. Rochtain ar cheartas lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta

In ainneoin iarrachtaí éagsúla ag an Aontas Eorpach agus ag gníomhaithe idirnáisiúnta eile, bhí dúshlán i réimsí riail an dlí agus an cheartais san Aontas Eorpach ina n-údair imní a chuaigh i méid in 2017, agus ba iad ba chionsiocair leis an gcéad togra riamh ón gCoimisiún chuig an gComhairle chun cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. San am céanna, chuir roinnt Ballstát AE bearta i gcrích chun a gcuid meicníochtaí comhshásaimh a neartú i gcomhréir le Moladh 2013/396/AE ón gCoimisiún, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le cearta na n-íospartach. Ghlac thart ar an tríú cuid de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh reachtaíocht chun an Treoir um Chearta Íospartach a thrasú; chuir go leor acu bearta nua chun feidhme in 2017 chun deimhin a dhéanamh de go bhfaighidh íospartaigh coireachta faisnéis thráthúil agus chuimsitheach maidir lena gcearta ón gcéad phointe teagmhála – na póilíní go minic. Shínigh an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Iostanbúl mar chéad chéim sa phróiseas lena daingniú. Dhaingnigh trí Bhallstát eile den Aontas Eorpach an Coinbhinsiún in 2017, ag treisiú an aitheantais a thugann Ballstáit an Aontais Eorpaigh don ionstraim mar shainiú ar na caighdeáin Eorpacha um chosaint chearta an duine i réimse an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Áirítear ciapadh gnéasach leis seo – saincheist ar tugadh aird fhorleathan uirthi mar gheall ar an ngluaiseacht #metoo.

Tháinig dúshlán mhéadaitheacha roimh an Aontas agus roimh gníomhaithe idirnáisiúnta eile i réimse an cheartais ar leibhéal náisiúnta arís eile sa bhliain 2017, go háirithe maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna. Is é neamhspleáchas na mbreithiúna an bhonnchloch don smacht reatha agus do rochtain ar an gceartas (Airteagal 19 CAE, Airteagal 67(4) CFAE agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh). Beag beann ar na hiarrachtaí leanúnacha de chuid an Aontais agus de chuid gníomhaithe idirnáisiúnta eile, bhí imní mhéadaitheach ann faoi staid an smachta reatha i gceann amháin de na Ballstáit, go háirithe maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna. Spreag an méid sin an Coimisiún Eorpach togra a chur faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 7(1) CAE, rud nach ndearnadh riamh roimhe sin i stair an Aontais.

Tuairim 9.1 ó FRA

Moltar don Aontas agus dá chuid Ballstát a gcuid iarrachtaí agus comhair a neartú tuilleadh chun neamhspleáchas na mbreithiúna a threisiú, rud ar comhpháirt lárnach den smacht

reatha é. Bealach amháin chun cinn ina leith sin is ea imeacht ón gcur chuige reatha trína dtéitear i ngleic le héigeandálaí smachta reatha i dtíortha aonair ar bhealach ad hoc. Ina ionad sin, ba cheart na hiarrachtaí reatha a mhéadú chun critéir agus measúnuithe comhthéacsúla a fhorbairt ar mhaithe leis na Ballstáit den Aontas a threorú aon saincheisteanna smachta reatha a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus dul i ngleic leo ar bhealach rialta comparáideach. Ina theannta sin, ar mhaithe le comhlíonadh an smachta reatha a áirithiú, ba cheart leas a bhaint as an gcomhairle spriocdhírthe reatha ó shásraí faireacháin Eorpacha agus idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear na gníomhartha feabhais a leagtar amach sna moltaí a d'eisigh an Coimisiún Eorpach mar chuid den Chreat um an Smacht Reatha uaidh. Ba cheart do gach Ballstát den Aontas bheith réidh i gcónaí chun an smacht reatha a chosaint agus chun tabhairt faoi na gníomhartha a theastaíonn chun cur in aghaidh aon iarrachtaí an bonn a bhaint de neamhspleáchas a mbreithiúna.

Cuirtear le sásraí comhshásaimh feabhas ar rochtain ar an gceartas, rud atá rithábachtach maidir le héifeachtacht dhlí an Aontais a chinntiú agus meas ar chearta bunúsacha a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar an gcúis sin, féachadh le rochtain ar an gceartas a éascú i Moladh 2013/396/AE ón gCoimisiún Eorpach maidir le prionsabail choiteanna le haghaidh sásraí comhshásaimh urghaire agus cúiteacha sna Ballstáit a bhaineann le sárúithe ar chearta arna ndeonú faoi dhlí an Aontais agus, chuige sin, moladh ann go dtabharfaí sásra ginearálta comhshásaimh isteach atá bunaithe ar na prionsabail bhunúsacha chéanna ar fud na mBallstát den Aontas. Sa bhliain 2017, thosaigh an Coimisiún an measúnú uaidh ar chur chun feidhme Mholadh 2013/396/AE agus rinne roinnt Ballstát bearta chun é a chur chun feidhme go díreach. Dá ainneoin sin, tá éagsúlacht shuntasach ann sa reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm ag na Ballstáit, rud a chruthaíonn comhghníomhaíocht atá difriúil ó thaobh cineáil agus leibhéil de.

Tuairim 9.2 ó FRA

Agus iad ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhlachtaí eile de chuid an Aontais, ba cheart do na Ballstáit den Aontas leanúint le féachaint lena áirithiú go gcuirfead Moladh 2013/396/AE ón gCoimisiún maidir le sásraí comhshásaimh chun feidhme ina iomláine ar mhaithe le comhghníomhaíocht éifeachtach agus rochtain éifeachtach ar an gceartas a chumasú. Ba cheart raon feidhme leathan a bheith ag na sásraí comhshásaimh agus níor cheart é a bheith teoranta d'ábhair a bhaineann le tomhaltóirí amháin. Chomh maith leis sin, ba cheart don Choimisiún Eorpach leas a bhaint as an measúnú a tosaíodh sa bhliain 2017 ar chur chun feidhme Mholadh 2013/396/AE ón gCoimisiún. Ba cheart dó déanamh amhlaidh chun an tacaíocht riachtanach a thabhairt do na Ballstáit den Aontas sásraí náisiúnta comhshásaimh a thabhairt isteach nó a athchóiriú i gcomhréir leis an smacht reatha agus le cearta bunúsacha i ngach ceann de na réimsí ina ndéanfaí comhéilimh ar urghairí nó damáistí i leith sárúithe ar na cearta arna ndeonú faoi dhlí an Aontais.

Bhí forbairtí dearfacha ann sa bhliain 2017 sa mhéid is gur ghlac tuilleadh Ballstát den Aontas reachtaíocht chun an Treoir maidir le Cearta Íospartach a thrasú, lenar áiríodh iarrachtaí chun a áirithiú go dtugtar fógra d'íospartaigh faoi na cearta atá acu faoin reachtaíocht nua. Léirítear san fhianaise ar leibhéal náisiúnta i roinnt Ballstát go dtagann íospartaigh ar bhacainní go fóill agus coireanna á dtuairisciú acu agus nach bhfaigheann siad faisnéis chuimsitheach faoina gcearta i ngach cás. Is féidir leis sin tionchar diúltach a imirt ar an deis a bhíonn ag íospartaigh a gcearta a rochtain sa chleachtas.

Tuairim 9.3 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit díriú ar chur chun feidhme éifeachtach na Treorach maidir le Cearta Íospartach, ag teacht sna sála ar na forbairtí dearfacha dlí a rinneadh suas go dtí an bhliain 2017 maidir leis an Treoir a thrasú. Mar chuid den obair sin, ba cheart sonraí atá imdhealaithe de réir inscne a bhailiú faoin dóigh a bhfuair íospartaigh na coireachta rochtain ar a gcearta agus ba cheart sonraí den sórt sin a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i gcreataí institiúideacha chun íospartaigh a chumasú agus a chumhachtú a gcearta a fheidhmiú. Trí thuilleadh sonraí a bhailiú ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, tabharfar soiléiriú ar an scéal ina leith sin agus tarraingeofar aird ar na bearnaí is gá a líonadh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh na coireachta ar chearta agus ar thacaíocht ar an mbunleibhéal.

Rinne trí Bhallstát eile den Aontas Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a dhaingniú sa bhliain 2017, rud a d'fhág go raibh an coinbhinsiún daingnithe ag 17 mBallstát san iomlán faoi dheireadh na bliana. Is é Coinbhinsiún Iostanbúl an pointe tagartha is tábhachtaí nuair atáthar ag cinneadh caighdeáin Eorpacha le haghaidh mná a chosaint ar fhoréigean. Go háirithe, cuirtear le hAirteagal 36 oibleagáid ar pháirtithe Stáit gach cineál gníomhartha gnéasacha neamh-chomhthoiliúla a choiriúlú agus cur chuige a ghlacadh lena leagtar béim ar fhéinriar gnéasach neamhchoinníollach an duine agus



lena dtreisiútar é sin. Léiríodh sna tuarascálacha meastóireachta ón nGrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh (GREVIO) sa bhliain 2017, áfach, gurb ann do bhearnaí sa reachtaíocht náisiúnta maidir le gníomhartha gnéasacha neamhchomhthoiliúla a choiriúlú, a fhágann nach bhfuil an reachtaíocht sin ag teacht le ceanglais an choinbhinsiúin.

Tuairim 9.4 ó FRA

Ba cheart do gach Ballstát den Aontas agus don Aontas é féin breithniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a dháingniú. Moltar do na Ballstáit den Aontas aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa reachtaíocht náisiúnta maidir leis na gníomhartha gnéasacha neamhchomhthoiliúla go léir a choiriúlú. Ar aon dul le hAirteagal 36 de Choinbhinsiún Iostanbúl, ba cheart do na Ballstáit den Aontas gníomhartha den sórt sin a choiriúlú go glan soiléir agus go neamhchoinníollach.

Tacaíonn an fhírinne lom a tháinig chun solais tríd an ngluaiseacht dhomhanda #metoo le fionnachtana FRA ón suirbhé ar Fhoréigean in aghaidh na mBan uaidh sa bhliain 2012, ina bhfuarthas amach gur forleathan go fóill a bhíonn foréigean in aghaidh na mban, ciapadh gnéasach san áireamh. Dá bhrí sin, tá gá soiléir ann le béim athnuaithe a chur ar an réimse sin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.

Tuairim 9.5 ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas a gcuid iarrachtaí a threisiú agus tuilleadh beart a dhéanamh chun ciapadh gnéasach a chosc agus a chomhrac. Mar chuid den obair sin, ba cheart dóibh na bearta riachtanacha a dhéanamh chun cosc éifeachtach a chur le ciapadh gnéasach i ndáil le rochtain ar fhostaíocht agus i ndáil le dálaí oibre i gcomhréir le Treoir 2006/54/CE maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (athmhúnlú).

10. Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Leis an tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme na Straitéise Eorpaí um Míchumas, 2010-2020, tugadh deis machnamh a dhéanamh ar iarrachtaí an Aontais Eorpaigh na cearta atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (NA) ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD) a bhaint amach. Léirigh an ghluaiseacht i dtreo an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a ghlacadh go bhfuiltear ag teannadh níos gaire do gharspíoc mhór reachtaíochta. In ainneoin éachtaí suntasacha ag leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ag leibhéal na mBallstát, áfach, tá bearnaí le sonrú i gcónaí ar an gcur chun feidhme i réimsí tábhachtacha amhail inrochtaineacht agus maireachtáil neamhspleách. Is féidir le huirlisí ar nós táscairí, chomh maith le breitheanna ag cúirteanna náisiúnta ar inbhreithnitheacht CRPD, cabhrú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an cleachtas a bhfuil geallta leis na hoibleagáidí dlí. Tá ról ríthábhachtach freisin ag creata faireacháin arna mbunú faoi Airteagal 33 (2) den choinbhinsiún, ach tá an bonn á bhaint dá n-éifeachtúlacht cheal acmhainní, de dheasca sainorduithe teoranta agus cheal neamhspleáchais.

Sa tuarascáil dul chun cinn ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme na Straitéise Eorpaí um Míchumas, léirítear an dóigh a mbíonn gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (an Coinbhinsiún) a chur chun feidhme ag cabhrú le hathchóirithe fairsinge dlí agus beartais – idir inrochtaineacht agus maireachtáil neamhspleách – a bhrú chun cinn. Is amhlaidh i roinnt tionscnamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, áfach, nach mbaintear leas iomlán as an gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith saincheisteanna míchumais a cheanglaítear leis an gCoinbhinsiún. Ní ag tionscnaimh eile atá na cuspóirí soiléire, na buiséid leordhóthanacha agus an treoir oibríochtúil a theastaíonn chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme agus dul chun cinn a mheas go héifeachtach.

Tuairim 10.1 ó FRA

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát géarú ar na hiarrachtaí atá ar bun acu chun caighdeán an Choinbhinsiúin a leabú ina gcreataí dlí agus beartais ar mhaithe lena áirithiú go léireofar go hiomlán sa dlí agus i gceapadh beartas an cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith saincheisteanna míchumais. Mar chuid den obair sin, ba cheart athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an reachtaíocht

chun comhlíonadh an Choinbhinsiúin a mheas. Ba cheart spriocanna agus tréimhsí ama soiléire a leagan síos sa treoir maidir le cur chun feidhme. Ba cheart na gníomhaithe a bheidh freagrach as na hathchóirithe a dhéanamh a shainiú sa treoir sin freisin. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar tháscairí a fhorbairt chun an dul chun cinn a rianú agus chun aird a tharraingt ar bharnaí cur chun feidhme.

Tar éis dóibh dianchaibidlíocht a dhéanamh ar an ábhar, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a bheartaítear sa bhliain 2017, rud a léiríonn a thiomanta atá an tAontas don reachtaíocht shuaitheanta sin a thabhairt isteach chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme. Dá ainneoin sin, tá difríochtaí suntasacha ann maidir le saincheisteanna tábhachtacha go fóill, amhail raon feidhme infheidhmeacht na hionstraim chun seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí iompair a chumhdach agus an t-idirchaidreamh idir an ionstraim agus dlíthe ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus an Treoir maidir le Soláthar Poiblí. Fágann sé sin go bhfuil baol ann go lagófar an togra i réimsí tábhachtacha áirithe le linn



caibidlíocht reachtach, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó acmhainneacht na hionstraime feabhas a chur ar inrochtaineacht earraí agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas san Aontas.

Tuairim 10.2 ó FRA

Ba cheart don Aontas a áirithiú go ndéanfaí lonstraim Eorpach um Inrochtaineacht atá cuimsitheach a ghlacadh go tapa, rud a mbeadh bearta láidre forfheidhmithe i gceist leis. Leis an lonstraim sin, ba cheart caighdeán a chumhdach le haghaidh inrochtaineacht na timpeallachta tógtha agus inrochtaineacht seirbhísí iompair. Chun comhleanúnachas a áirithiú le mórchorpas reachtaíochta an Aontais, ba cheart forálacha a bheith ar áireamh san lonstraim lena nasctar í le gníomhartha ábhartha eile amhail rialacháin lena gcumhdaítear Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus an Treoir maidir le Soláthar Poiblí.

Bíonn ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta an Aontais ról tábhachtach maidir le tacú le hiarrachtaí náisiúnta chun maireachtáil neamhspleách a bhaint amach. Is féidir leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, ról tábhachtach a imirt maidir leis an bhfaisnéis a chur ar fáil atá riachtanach le haghaidh faireachán éifeachtach a dhéanamh ar úsáid na gcostí.

Tuairim 10.3 ó FRA

Ba cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát a áirithiú go ndéanfar cearta na ndaoine faoi mhíchumas a chumhdaítear sa Choinbhinsiún agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú go hiomlán chun an chuid is fearr a bhaint as an acmhainneacht atá ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) tacú le maireachtáil neamhspleách. Ionas go mbeifear in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar na cistí agus ar a dtorthaí, ba cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát bearta a dhéanamh freisin chun ról a thabhairt d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas ar choistí faireacháin CSIE agus chun a áirithiú go mbaileofar sonraí leordhóthanacha cuí faoin dóigh a mbíonn na cistí á n-úsáid.

Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí Éire ar an aon Bhallstát amháin nach raibh an Coinbhinsiún daingnithe aige. Tá na príomh-athchóirithe a theastaíonn chun déanamh amhlaidh i bhfeidhm anois, áfach. Ina theannta sin, níl an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún

daingnithe ag cúig Bhallstát ná ag an Aontas go fóill. Is Prótacal é sin lena gceadaítear do dhaoine aonair gearáin a chur faoi bhráid Choiste an Choinbhinsiúin agus lena gceadaítear don Choiste fiosrúcháin rúnda a thionscnamh tar éis dó "faisnéis iontaofa ina dtugtar le fios go ndearnadh sárúithe tromchúiseacha nó córasacha" ar an gCoinbhinsiún (Airteagal 6) a fháil.


Tuairim 10.4 ó FRA

Maidir leis na Ballstáit sin den Aontas nach bhfuil ina bpáirtí sa Phrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún go fóill, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar na bearta riachtanacha a chur i gcrích chun é a dhaingniú a luaithe is féidir ar mhaithe le daingniú iomlán an Phrótacail Roghnaigh ar fud an Aontais a bhaint amach. Ba cheart don Aontas Eorpach breithniú a dhéanamh freisin ar bhearta tapa a dhéanamh chun glacadh leis an bPrótacal Roghnach.

Maidir le dhá cheann de na 27 mBallstát den Aontas a bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe acu, tharla sé, faoi dheireadh na bliana 2017, nach raibh creataí bunaithe acu chun cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chur chun cinn agus a chosaint agus chun faireachán a dhéanamh air, mar a cheanglaítear le hAirteagal 33(2). Ina theannta sin, tá an bonn á bhaint ó fheidhmiú éifeachtach roinnt creataí reatha mar gheall ar na nithe seo a leanas: an easpa acmhainní atá ar fáil, an sainordú teoranta atá ag gabháil leo, agus an mhainneachtain rannpháirtíocht chórasach daoine faoi mhíchumas a áirithiú, mar aon leis an easpa neamhspleáchais atá ann i gcomhréir le Prionsabail Pháras maidir le feidhmiú institiúidí náisiúnta um chearta an duine.

Tuairim 10.5 ó FRA

Ba cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát breithniú a dhéanamh ar acmhainní airgeadais agus daonna atá dóthanach agus cobhsaí a leithdháileadh ar na creataí faireacháin arna mbunú faoi Airteagal 33(2) den Choinbhinsiún. Faoi mar a leagadh amach sa Tuairim dhlíthiúil ó FRA sa bhliain 2016 maidir leis na ceanglais faoi Airteagal 33(2) den Choinbhinsiún laistigh den Aontas, ba cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát breithniú a dhéanamh freisin ar inbhuanaitheacht agus neamhspleáchas na gcreataí faireacháin a chinntiú trína áirithiú go mbeidh bunús dlí daingean ann dá gcuid oibre agus go gcuirfear Prionsabail Pháras maidir le feidhmiú institiúidí náisiúnta um chearta an duine san áireamh ina gcomhdhéanamh agus ina n-oibriú.



Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna siar ar aon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2017. Féachtar sa *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2018* ó FRA ar na mórfhorbairtí san Aontas Eorpach idir Eanáir agus Nollaig 2017 agus leagtar amach inti na tuairimí ó FRA ina leith. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí ar ábhair inmí iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil díospóireachtaí ar fud an AE maidir le cearta bunúsacha á mbunú orthu.

Caitear súil sa chaibidil fócais i mbliana ar an aistriú i dtreo cur chuige atá bunaithe ar chearta a ghlacadh i leith dul in aois. Sna caibidlí eile, pléitear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an leas a bhaineann na Ballstáit aisti; comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt atá bainteach leo; lánpháirtiú na Romach; tearmann agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas; agus forbairtí i dtaca le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Tuilleadh faisnéise

Chun teacht ar an Tuarascáil um chearta bunúsacha 2018 (*Fundamental Rights Report 2018*) iomlán ó FRA – féach <http://fra.europa.eu/en/publication/2018/fundamental-rights-report-2018>

Foilseacháin ghaolmhara de chuid FRA chomh maith:

- FRA (2018), *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2018 – Tuairimí ó FRA*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2018/fundamental-rights-report-2018-fra-opinions> (ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh)
- FRA (2018), *Shifting perceptions: towards a rights-based approach to ageing*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2018/frr-2018-focus-rights-based-aging> (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis)

I gcomhair tuarascálacha bliantúla FRA roimhe maidir le dúshlán agus gnóthú spriocanna i réimse na gceart bunúsach san Aontas Eorpach i gcomhair bliain ar leith, féach: <http://fra.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/annual-reports> (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).



FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA

Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – An Ostair
Teil +43 158030-0 – Facs +43 158030-699
fra.europa.eu – info@fra.europa.eu
[facebook.com/fundamentalrights](https://www.facebook.com/fundamentalrights)
[linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency](https://www.linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency)
twitter.com/EURightsAgency



Oifig na bhFoilseachán

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2018
© Grianghraf (barr ar chlé go bun ar dheis): iStockphoto;
An Coimisiún Eorpach; iStockphoto (3 & 4);
OSCE (Milan Obradovic); iStockphoto (6-10)
Print: ISBN 978-92-9474-073-1, doi:10.2811/294180
PDF: ISBN 978-92-9474-072-4, doi:10.2811/15286